AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA AGUS GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú boird

Dé Céadaoin 7 Feabhra 2018
11am Ionad Oideachais Marino

'Mar a Déarfá' – cur i láthair
I gcomhthéacs iarratas a rinne 'Breacadh' go gcuirfeadh COGG maoiniú ar fáil le go bhféadfdh beirt obair go lán-aimseartha ar an tionscadal 'Mar a Déarfá', chuir Nóirín Ní Ghrádaigh agus Máirín Uí Niaidh an pacáiste i láthair an Bhoird. Áis fónaice í le tacú le forbairt na litearthachta, agus í dírithe go mór ar chainteoirí dúchais. Cé go bhfuil a lán oibre déanta, tógfaidh sé suas le 5 bhliain an tionscadal a chríochnú.

Fáiltiú
Fáiltíodh roimh Aisling Nic Craith a ceapadh ina hArdoifigeach Feidhmiúcháin (AOF) le COGG agus fáiltíodh roimh Bhláthnaid Ní Ghréacháin mar chomhalta boird a ceapadh mar ionadaí thuismitheoirí scoileanna lán-Ghaeilge, i gcomharbacht ar Yvonne Ní Mhurchú.

Coimhlint leasa
Níor fógraíodh aon choimhlint leasa.

Miontuairiscí
Le moladh Aodh Mhic Craith agus cuidiú Dheirbhile Nic Craith glacadh le miontuairiscí 12 Nollaig agus síníodh iad.

Tuairisc an Chathaoirligh
Maidir le cruinniú a bhí ag an gCathaoirleach le Príomhchigire na Roinne Oideachais ar 8 Eanáir, thuairisc sé gur tugadh an-mholadh don obair atá idir lámha ag COGG ach go raibh imní air go raibh baol ann go mbeadh an iomarca inchuir ag an Roinn i gclár oibre COGG.

Tuairiscíodh gur pléadh an síneadh ama atá á lorg do chonarthaí bheirt oifigigh oideachais. Aontaíodh go mbeadh sé an-olc mura dtabharfaí síneadh conartha dóibh beirt.

Aontaíodh go scríobhfadh an Cathaoirleach chuig an Aire ag cur i gcuimhne dó go bhfuil sé sa Pholasaí don Oideachas Gaeltachta go ndéanfar leasú ar an Acht Oideachais le go mbeidh ar chumas COGG daoine a fhostú.

Tá struchtúr na foirne agus stádas Phríomhfheidhmeannaigh COGG le plé ag an gcéad chruinniú eile.

Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh
Tuairiscíodh gur dhiúltaigh an t-iniúchóir inmheánach iniúchadh a dhéanamh ar COGG ó 2015 de bharr gan aon duine a bheith i mbun na dtaifead san oifig. Tá an-obair á dhéanamh ag an AOF ach tá an t-uafás le déanamh sula mbeidh cúrsaí cúntasaíochta ina gceart. Is gá cuntais 2017 a réiteach le cur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Tuairiscíodh gur chinn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca comhairle dlí a lorg le conarthaí na n-oifigeach oideachais a scrúdú maidir leo siúd atá ar iasacht ón CNCM chuig COGG. Níl conarthaí ag an mbeirt Oifigeach Oideachas Gaeltachta. Aontaíodh go raibh freagracht ar an Roinn Oideachais agus Scileanna leasú a dhéanamh ar an Acht Oideachais ionas go mbeidh cead ag COGG daoine a fhostú.

€1.7 milliún atá mar bhuiséad ag COGG do 2018, cé gur iarradh leath mhilliúin breise do théacsleabhair do shonraíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí.
Pléadh na mór -thioncscadail bunscoile atá idir lámha agus moladh gur cheart do scoileanna gearáin a dhéanamh leis na comhairleoirí deoise, seachas le COGG, faoi nach bhfuil leagan Gaeilge de Lámhleabhar an Mhúinteora don chúrsa 'I nGrá Dé' á chur ar fáil ag Veritas.

Tá COGG ag obair i bpáirt le NEPS le hiarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh tacaíochtaí agus tuiscintí cuí ar fáil ag páistí le Riachtanais Speisialta Oideachais sna scoileanna Gaeltachta, ach go háirithe.

Tuairiscíodh go bhfuil cuntas twitter áiseanna teagaisc ag COGG @aisteagaisccogg

Maidir leis na téacsleabhair nua don eacnamaíocht bhaile, stair, tíreolas, mata agus ceol, tuairiscíodh go raibh comhlacht amháin chun tosaigh ó thaobh costas an tionscadail de agus tá cruinniú le heagrú leis an gcomhlacht lena chinntiú go dtuigtear scóp an tionscadail sula n -eisítear conradh.
Tá cruinniú á eagrú ag Oifigeach Oideachais COGG don CNCM ar 8 Feabhra de bharr an phráinn atá le heisiúint na liostaí téacsanna litríochta don dara agus don tríú bliain. Tá na foilsitheoirí leabhar an-ghearánta agus an baol ann go bhfoilseofar téacsanna gan litríocht a bheith comhtháite iontu.
Tá litir le scríobh ag an gCathaoirlech chuig cathaoirleach CNCM ag léiriú míshásamh leis an bpróiseas uile agus tá litir le scríobh chuig Príomhfheidhmeannach CNCM á léiriú seo freisin.

Cinneadh go mbeadh Dianchúrsa na Múinteoirí iar-bhunscoile ar siúl 20-24 Lúnasa 2018 i gColáiste Chnoc na Labhrás i Luimneach agus gur COGG féin a bheidh ina bhun.

Cinneadh dul chun cinn leis an gcomhthionscadal mata le CCEA ach léiríodh aiféala faoi go mbeidh An Bainisteoir Tionscadail ag dul ar scor ó CCEA sa bhFómhar.

Tuairisc airgeadais
Scaipeadh tuairisc airgeadais ar an mbord. Míníodh gur meastacháin a bhí ann agus go raibh obair mhór ar siúl chun an córas cuntasaíochta SAGE a thabhairt suas chun dáta. Beidh cuntais 2017 réidh ag an gCúntasóir faoi dheireadh mhí Márta 2018.

Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
Le moladh Dhónail Uí Ainiféin agus le cuidiú Bhláthnaid Ní Ghréacháin faomhadh Téarmaí Tagartha an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Tá Clár Riosca á fhorbairt agus cuirfear faoi bhráid an Bhoird é nuair a bhíonn an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta leis.

Glacadh buíochas le Kevin de Barra as a chuid oibre ar son COGG, mar Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca.

Soiléiríodh go raibh údarás ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca cinntí a dhéanamh ach gur gá iad sin a chur faoi bhráid an Bhoird.

Cuirfear na Téarmaí Tagartha faoi bhráid an Bhoird nua i mí na Nollag 2018.

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022
Tuairiscíodh gur eagraíodh 44 cruinniú idir Mheán Fómhair agus Nollaig 2017 agus gur fhreastail 700 duine ar na cruinnithe.

Thuairisc Bláthnaid Ní Ghréacháin go ndearna Gaeloideachas suirbhé ar na scoileanna nár léirigh spéis aitheantas a bhaint amach mar Scoil Ghaeltachta. Easpa tuisceana den chuid is mó ba chúis leis an gcinneadh.

Tugadh eolas faoi chruinnithe atá á n-eagrú sna Gaeltachtaí ag Gaeloideachas le scoileanna nár léirigh spéis sa Scéim agus léiríodh imní faoi dhá shraith cruinnithe a bheith ar siúl do na scoileanna céanna.

Tá sé gceist ag Oifigigh Oideachais Gaeltachta COGG cuairteanna a eagrú leis na hiar-bhunscoileanna seachas cruinnithe a bheith ann arís le príomhoidí agus an nasc-mhúinteoir.

Tá an t-athbhreithniú ar Scéim na gCuntóirí Teanga fógartha.

Tuairiscíodh go bhfuil an buiséad atá ceadaithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ró-íseal don obair atá leagtha síos do COGG maidir le feidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta i 2018 agus pléadh athreorú ar mhíreanna caiteachas atá luaite (ionadaíocht, mar shampla).

Aontaíodh nach raibh sé inghlactha go mbeadh caiteachas ar an bPolasaí don Oideachas Gaeltachta (cíos oifigí na bhForbacha agus riarachán, mar shampla) ag teacht as bunbhuiséad COGG.

Aighneacht maidir le soláthar múinteoirí don Choiste Oireachtais um Oideachas agus Scileanna
Moladh na pointí seo a leanas a bheith san áireamh san aighneacht
Cúiseanna leis an ngéarchéim:

- Múinteoirí nua-cháilithe ag dul thar lear go háiteanna ar nós Dubai
- Costas ard maireachtála sna cathracha
- Athruithe ar thuarastal/cuinsí iontrálaithe nua i 2011
- Comhlachtaí móra idirnáisiúnta ag slogadh na gcéimithe
- Coinníolllacha bainteach le hionadaíocht
- Bliain eile curtha leis an gcéim – deacair ar thuistí ó thaobh airgid de
- Costais bhreise ar mhicléinn
- Athruithe ar choinníolacha sos gairme

Moltaí le cur san aighneacht

- Gá le painéal dírithe ar Scoileanna Gaeltachta/Gaelscoileanna a éileamh
- Gá le MGO a bheith ar fáil in oirthear na tíre
- Ardú pá agus liúntas Bhaile Átha Cliath a éileamh
- Scoláireachtaí 3ú leibhéal a thabhairt ar ais do dhaltaí na Gaeltachta agus na scoileanna lán-Ghaeilge
- Micléinn ón nGaeltacht a mhealladh trí tús áite a thabhairt dóibh le múineadh ina gceantar dúchais

Treoirlínte Ginearálta um Chosaint Sonraí (TGCS)
Tuairiscíodh gur fhreastail an tArdoifigeach Feidhmiúcháin ar chruinniú leis An Roinn Oideachais & Scileanna maidir le liostaí atá le cur ar fáil don Roinn d' Ionstraim Reachtúil atá á ullmhú ag an rialtas ar shonraí pearsanta a bhailítear agus na fáthanna leis (Cuid 34 den Bhille Cosaint Sonraí).

Tuairisíodh go bhfuil an AOF ag freastal ar chomhdáil de chuid CMG ar TGCS ag deireadh Mhí Feabhra

Scéimeanna maoinithe 2018
Moladh an obair atá idir lámha ag 'Breacadh' ar an gclár 'Mar a Déarfá' agus aontaíodh gur clár é atá riachtanach do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. De bharr costas chomh hard a bheith ag baint leis, ní hacmhainn do COGG maoiniú a chur ar fáil. Níl cead ag COGG daoine a fhostú agus, dá bharr sin, ní fhéadfaí beirt atá ag obair air a athlonnú le COGG.

Tá iarratas le déanamh ag COGG ar an Roinn Oideachais agus Scileanna maoiniú a chur ar fáil, mar a rinneadh le Séideán Sí.

Moltaí d'ábhar taighde
Moladh taighde gníomhach a lorg i mbliana bunaithe ar impleachtaí agus ar thorthaí fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

Moladh taighde a dhéanamh ar chóras measúnaithe i nGaeilge do pháistí sna scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.

Moltaí d'fhorbairt áiseanna
Bhí plé ann faoi dhíriú ar ábhar digiteach, scamall, STEM, códáil i nGaeilge & oideachas spesialta. Dúradh go bhfuil clár i nGaeilge mar 'Cairde go Deo' de dhíth.

Ceadaíodh urraíocht €1000 do Thráth na gCeist atá á eagrú ag Feachtas.

Aon ghnó eile
Pléadh an díolúine ó staidéar na Gaeilge i gcomhthéacs oideachas lán-Ghaeilge- paistí a d'fhreastail ar bhunscoil lán- Ghaeilge agus a dtuismitheoirí ag lorg díolúine ón nGaeilge san iar-bhunscoil ar threoir shíceolaithe.

Bhí plé ann faoin díolúine, a fhaid agus atá an t-athbhreithniú ar siúl agus an féidir díolúine a lorg ó theanga Teagaisc na scoile. Tá litir le scríobh ag lorg soiléiriú ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Beidh an chéad chruinniú eile ag an mBord ar 6 Márta 2018.

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt an 6 Márta 2018

11am Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí:
Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach); Deirbhile Nic Craith; Cathnia Ó Muircheartaigh; Seán Mac Nia; Bláthnaid Ní Ghréacháin; Séamus Ó Fearraigh; Robbie Cronin; Rita Nic Amhlaoibh; Dairíona Nic Con Iomaire.

Leithscéalta:
Aodh Mac Craith; Elaine Ní Neachtain; Sinéad Nic Giolla Chainnigh.

Coimhlint Leasa
Ní raibh aon choimhlint leasa ann

Miontuairiscí
Le moladh Shéamuis Uí Fhearraigh agus cuidiú Dheirbhile Nic Craith, glacadh leis na miontuairiscí ach leasú a dhéanamh. Aontaíodh go mbainfí amach na focail '...ardú pá agus liúntas Bhaile Átha Cliath' ar leathanach 4.

Ag eascairt as na miontuairiscí
Bhí plé ann faoi Lámhleabhar an Mhúinteora a bheith ar fáil do *I nGrá Dé* agus aontaíodh gur faoi na scoileanna féin agus GAELOIDEACHAS an t-éileamh a dhéanamh le Veritas.

Tuairisc an Chathaoirligh
Thuairisc an Cathaoirleach go ndearna sé cur i láthair sa Dáil maidir le soláthar múinteorí don Choiste Oireachtais um Oideachas. Díríodh isteach ar an ngá leis an earnáil a láidriú chun go mbeadh 20-25% den earnáil phoiblí in ann feidhmiú trí Ghaeilge tré acmhainní agus tuilleadh tacaíochta a chur ar fáil don chóras Gaelscolaíochta agus Gaeltachta. Cuireadh i láthair an Choiste go raibh gá ann tacaíochtaí breise a chur ar fáil do scoileanna Gaeltachta le breis daltaí a spreagadh le dul le gairm na múinteoireachta agus tacú le forbairt na Gaelscolaíochta.

Thuarisic an Cathaoirleach gur pléadh imlitir nua atá á dhréachtadh a bhfuil sé riachtanach go mbeadh solúbthacht ann maidir le tréimhsí iasachta a shíneadh sa chás is go bhfuil scileanna faoi leith ag múinteoirí atá ar iasacht ón a scoileanna.

Thug an Cathaoirleach tuairisc ar chruinniú a bhí aige leis an bPríomhchigire agus le Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le tiomantas COGG i leith fhorbairt an chláir comhtháite do theagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla. Sraith áiseanna a bheidh i gceist a d'fhéadfadh comhlachtaí éagsúla a chur ar fáil agus go dtabharfaí deontas do na scoileanna na háiseanna a cheannach ó na comhlachtaí foilseacháin a bheadh creidiúnaithe ag an Roinn.

Beidh sé riachtanach cloí le rialacha soláthair agus moladh an cur chuige go mbeadh níos mó ná comhlacht foilseacháin amháin ag soláthar na n-áiseanna.

Bhí plé ann faoi cén saineolas atá ar fáil le tabhairt faoi seo. Moladh taighde a dhéanamh ar thíortha eile le suíomh teanga comhchosúil féachaint cé na háiseanna a forbraíodh.

Aontaíodh go raibh tacaíocht an Bhoird agus na foirne ag an tionscadal seo ach na hacmhainní cuí a bheith ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

Scéimeanna Maoinithe

Tuairiscíodh gur fógraíodh scéimeanna maoinithe áiseanna teagaisc agus sparánachtaí taighde ach go raibh níos lú airgid le caitheamh i mbliana de bharr an chostais ard a bheidh ar COGG téacsleabhair a fhoilsiú in oiriúint do shonraíochtaí nua na Sraithe Sóisearaí.

Tréaslaíodh le Pádraig Ó Beaglaoich as an sár-obair atá ar siúl aige chun seo a thabhairt chun cinn.

Áiseanna Teagaisc

Tuairiscíodh go raibh ceardlann lae d'aistritheoirí na dtéacsleabhar iar-bhunscoile á eagrú agus treoirlínte á gcur i bhfeidhm don aistriúchán. Moladh gur aistritheoirí leis an Séala oifigiúil bainte amach acu a úsáidfí.

An Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022

Tugadh tuairisc ar an obair atá idir lámha maidir le cruinnithe agus tacaíocht do na scoileanna. Maidir leis na scoileanna nár léirigh spéis sa Scéim Aitheantais, tuairiscíodh go bhfuil an bheirt Oifigeach Gaeltachta ag iarraidh na scoileanna seo a spreagadh le hiarratas a dhéanamh.

Tuairiscíodh go bhfuil an buiséad a gealladh do COGG don Pholasaí Oideachas Gaeltachta an-íseal.

Níl ach €47,000 ar fáil d'obair na bliana iomláine cé gur caitheadh breis agus €100,000 idir Meán Fómhair agus Nollaig 2017.

Scaipeadh dréacht d'imlitir ar bhaill an Bhoird – An Chéad Chéim Fheidhmithe eile – do bhunscoileanna agus d'iarbhunscoileanna i limistéir phleanála teanga na Gaeltachta. Pléadh dáileadh na n-uaireanta breise.

Gaeilge na Sraithe Shóisearaí

Cuireadh in iúl don Bhord nach bhfuil liostaí litríochta na Gaeilge don dara agus don tríú bliain aontaithe fós, ainneoin na hoibre ar fad atá déanta ag COGG le tacú leis an CNCM. Seoladh dréacht liosta chuig na foilsitheoirí ach ní liosta faofa é, cé go bhfuil na foilsitheoirí ag glacadh leis gurb ea.

Ceardlann NEPS

Tuairiscíodh go bhfuil COGG ag obair i bpáirt le NEPS le ceardlanna in úsáid '*An Cur Chuige Cothromaithe d'Fhorbairt na Litearthachta'* a chur ar fáil do na scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge. Beidh 3 cheardlann ar siúl sna ceantair Ghaeltachta agus ceardlanna eile ar fud na tíre do na scoileanna lán-Ghaeilge.

Tá litir le seoladh chuig an Aire agus ag an CNOS/NCSE ag iarraidh ionadaíochta don earnáil Ghaeltachta/lán-Ghaeilge ar bhord CNOS.

Cúrsaí Samhraidh

Tá sé i gceist ag COGG dhá chúrsa samhraidh a eagrú ag díriú ar fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus ar úsáid 'Séideán Sí' sna scoileanna.

Fiafraíodh an bhféadfaí cúrsa Gaeilge do mhúinteoirí iar-bhunscileanna lán-Ghaeilge a eagrú le linn na scoilbhliana agus tá sé seo le plé le GAELOIDEACHAS.

Séidéan Sí
Tuairiscíodh go bhfuil maoiniú faighte ag Foras na Gaeilge le forbairt bhreise a dhéanamh 'Séideán Sí' agus go mbeidh eagarthóir á earcú go luath don obair.

Comhairle Dlí
Tuairscíodh go bhfuil comhairle dlí lorgtha maidir le conarthaí iasachta COGG.

Tuairisc Airgeadais
Scaipeadh tuairisc airgeadais ar na comhaltaí boird. Ní raibh aon cheist ann.

Áis Mhata CCEA/COGG
Rinneadh cur i láthair ar an tionscadal mata atá idir lámha ag COGG le CCEA. Seolfar cóip den chur i láthair ar ríomphost chuig gach comhalta. Beochain teagaisc a bheidh i gceist – teanga & teicneolaíocht. Tá nasc YouTube ar an gcur i láthair a léiríonn sampla de bheochan teagaisc (i mBéarla Meiriceánach.) Beidh sé ar fáil saor in aisce do scoileanna. Tuairiscíodh go bhfuil coiste comhairleach curtha ar bun le hionadaithe ó scoileanna lán-Ghaeilge thuaidh agus theas agus scoileanna Gaeltachta.

Seo iad na costais a bheadh i gceist

	CCEA	COGG	
Bliain 0	£31k	£0	(suas go 31 Márta 2018)
Bliain 1	£57.5k	£57.5k	(Aibreán 18 -Márta 19)
	(£10k)	(£10k)	(do bheochan breise dá mba ghá)
Bliain 2	£65.5k	£65.5k	(Aibreán 19 -Márta 20)
Bliain 3	£55.5k	£55.5k	(Aibreán 20 -Márta 21)

Moladh go mbunófaí coiste stiúrtha idir CCEA & COGG. Iarradh moltaí daoine a sheoladh chuig an bPríomhfheidhmeannach.

Glacadh leis seo i bprionsabal.

Comhaontú Soláthar Feidhmíocht
Scaipeadh cóip de Dhréacht Tosaigh de Chomhaontú Soláthar Feidhmíochta idir an tAonad um Beartas Curaclaim & Measúnachta agus COGG ar na comhaltaí. Iarradh orthu é a léamh agus a mheas. Moladh go mbeadh ainm an Chathaoirligh leis seachas ainm an Phríomhfheidhmeannaigh.

Iarradh go ndéanfadh an Príomhfheidhmeannach fiosrú an gá an dara comhaontú os rud é go mbeidh comhaontú le síniú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, an bhfuil a leithéid ann d'áisíneachtaí eile agus cé chomh minic a bhfuil sé i gceist é a eisiúint.

Bhí plé gairid ann faoi Phlean Straitéiseach COGG ach aontaíodh go bhfuil gá ann an straitéis a fhorbairt.

Rialachas Corporáideach: Comhlíonadh an Chóid Cleachtais
Scaipeadh litir ón Roinn Oideachais agus Scileanna ag léiriú míshásaimh le cur chuige COGG maidir le géilliúlacht don Chód Cleachtais don Rialachas Corparáideach.

Pléadh feidhmiú an Chóid i gcomhthéacs líon beag na foirne.

Aontaíodh go mbreathnódh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca air seo agus go raibh gá le cás a dhéanamh do mhaolaithe do COGG.

Aon Ghnó Eile
Iarradh tacaíocht COGG le hiarratas ó Ghaeloideachas go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna go mbeadh ionadaí eile thar ceann na scoileanna Gaeltachta ar an mBord.

Pléadh iarratas a tháinig ó scoil Ghaeltachta ag lorg tacaíochta maidir le múinteoir breise a earcú sa scoil. Aontaíodh nach mbeadh sé oiriúnach do COGG litir a scríobh maidir le scoil faoi leith.

Pléadh litir a scríobh ag lorg ísliú ar an síleáil ar uimhreacha ceapacháin agus coimeád i gcomhthéacs an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta ach ní dearnadh cinneadh ina leith.

Tionólfar an chéad chruinniú Boird eile ar an 24 Aibreán 2018

Sínithe: _____

Dónal Ó hAiniféin

Cathaoirleach 6 Márta 2018

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt an 24 Aibreán 2018

11am Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí:
Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach); Deirbhile Nic Craith; Cathnia Ó Muircheartaigh; Seán Mac Nia; Bláthnaid Ní Ghréacháin; Séamus Ó Fearraigh; Robbie Cronin; Rita Nic Amhlaoibh; Aodh Mac Craith; Dairíona Nic Con Iomaire; Elaine Ní Neachtain; Sinéad Nic Giolla Chainnigh.

Ag freastal:
Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach) agus Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

Fáiltíodh roimh Dhaithí Uí Mhoalchoille a tháinig chun na ráitis airgeadais a chur i láthair don Bhord. Scaipeadh na cáipéisí airgeadais ar fad ar na comhaltaí.

Glacadh leis na ráitis airgeadais agus shínigh Dónal Ó hAiniféin agus Deirbhile Nic Craith iad.

Coimhlint Leasa
Iarradh ar na baill nár sheol ar ais an fhoirm eitice nó nár léirigh ar rphost nach raibh aon choimhlint ann é sin a dhéanamh agus go mbeadh Aisling Nic Craith i dteagmháil díreach leo siúd nár tháinig ar ais

Ní fógraíodh aon choimhlint leasa.

Miontuairiscí
Chuir Dairíona Nic Con Iomaire in iúl go raibh sí i láthair ag an gcruinniú ar an 6 Márta agus leasaíodh an tinreamh. Le moladh Shéamuis Uí Fhearraigh agus cuidiú Chathnia Ó Muircheartaigh, glacadh leis na miontuairiscí

Ag eascairt as na miontuairiscí
Bhí plé fhada ann maidir le cnuasú uaireanta an chloig faoin bPolasaí don Oideachas Gaeltachta Gabhadh buíochas leis an CMÉ as ucht seo a phlé leis an Roinn Oideachais & Scileanna

Pléadh na pointí seo:

- B'fhearr go mbeadh foirm ar aon leathanach amháin ann le híoslódáil
- Go mbeadh poist chearta ann le téarma seasta agus pá samhraidh
- Na huaireanta an chloig ar fad a chnuasach le chéile
- Daoine a chumasú chun an saineolas a bhailiú – forbairt ghairmiúl leanúnach a bheith ann
- Baol ann go mbainfí úsáid as na huaireanta do thacaíochtaí eile
- Saineolas agus sainscileanna & pearsantacht faoi leith a bheith ag an duine
- 10 & 15 uair a chloig a chur le chéile agus post sealadach a chruthú (scoileanna gar dá chéile)

- Níl cead uaireanta tacaíochta foghlama agus POG a chnuasú chun post sealadach a chruthú i gcoitinne.
- Daoine le saineolas le buanaíocht a fháil ag an dara leibhéal
- An duine ceart a chur isteach – uaireanta breise don scoil ní don mhúinteoir tacaíochta
- Daoine a chumasú leis an saineolas a bhailiú – gur fearr 20 go 30 oide ag bailiú saineolais
- Na daoine seo a thabhairt le chéile & cur chuige a aontú agus tús a chur le forbairt ghairmiúil.
- Moladh agus aontaíodh go ndéanfadh COGG seo a éileamh

Tuairiscíodh go bhfuil athbhreithniú tosaithe ar Scéim na gCúntoirí Teanga agus go bhfuil sé i gceist tuairisc a bheith ar fáil sa Samhradh

Thuairisc Bláthnaid Ní Ghréacháin go ndearna Gaeloideachas teagmháil le Veritas maidir le lámhleabhar an Mhúinteora a bheith ar fáil i nGaeilge agus dúradh nach bhfuil a fhios acu an mbeidh. Dúradar go raibh eolas i nGaeilge ar an suíomh acu. Tuairiscíodh go ndearnadh teagmháil leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le hionadaí Gaeltachta eile a bheith ar Bhord COGG agus go ndúradh nach bhfuil sé i gceist ag an Aire athstuchturú a dhéanamh ar Bhord COGG.

Tuairisc an Chathaoirligh

- Cruinniú leis an Roinn Oideachais & Scileanna

Tuairiscíodh go raibh cruinniú rialachais ag COGG le hoifigigh na Roinne Oideachais & Scileanna ar an 12 Aibreán. Pléadh An Cód Cleachtais, maolú, An Plean Straitéise, ráitis airgeadais, an tuarascáil bhliantúil agus cúrsaí fostaíochta. Tháinig ionadaithe ón Aonad Oideachas Gaeltachta i láthair don dara leath den chruinniú agus pléadh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta. Pléadh an buiséad don POG. Iarradh line buiséad atá ann do chomhlaigh a aistriú go buiséad feidhmiú an polasaí, anuas ar an €47,000

Moladh soiléiriú a fháil ó IOG maidir le buiséad don POG agus gan a bheith ag úsáid buiséad COGG. Moladh a oibriú amach go díreach cé mhéad airgead atá at teastáil.

- Comhaontú Solathar Feidhmíochta

Scaipeadh cóip den comhaontú le rianaigh athruithe.

- Conarthaí fostaíochta

Tuariscíodh go bhfuil comhairle dlí á lorg maidir le conradh ball d'fhoireann COGG. Tuairiscíodh go bhfuil cásanna gnó á chur chuig an Roinn maidir le beirt oifigeach eile atá ag teacht suas go 10 mbliana ar iasacht ón scoil. Pléadh go mbeadh oifigeach oideachais eile de dhíth chun plé leis an gClár Comháithe do scoileanna Béarla. Tugadh ardmholadh do Mháire Nic an Rí don obair a rinne sí ar chúrsaí NEPS i nGaillimh ach go háirithe.

- An Clár Comhtháite do scoileanna Béarla –

Soiléiriú le fáil ar cad atá i gceist le 'user group' – eolas teicneolaíochta nó eolas ar an gcuraclam nó an dá cheann. Bhí plé ann faoin bhfocal 'creat' – Creat le haghaidh clár comhtháite do theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna ina múintear trí Bhéarla a sholáthar.

Tuairisc na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
Tuairiscíodh go bhfuil athbhreithniú scoil bhunaithe ar siúl ag an CNCM faoi láthair do 40 scoil. Soiléiríodh go bhfuil próiseás roghnaithe ann agus go bhfuil cothromaíocht scoile timpeall na tíre ann -Scoileanna Gaeltachta agus Gaelscoileanna ina measc. Tuairiscíodh go mbeidh seimineár náisiúnta ar siúl i Mí na Samhna agus go bhfuil acmhainní & ceistneoir i bhfoirm word ar an suíomh idirlín do gach aon scoil. Seolfar dhá nasc eolais chuig oifig COGG le seoladh chuig na comhaltaí

Bhí ardmholadh ag dul do Phádraig Ó Beaglaoich agus Deirdre Ní Chaomhánaigh as ucht na hoibre ar fad a rinne siad ar an liosta léitheoireachta don litríocht sa Sraith Shóisearach. Tuairiscíodh gur léadh & pléadh suas go 250 mír agus go bhfuli liosta curtha le chéile don Roinn Oideachais agus Scileanna. Tuairiscíodh nach raibh a fhios cathain a mbeadh na liostaí ar fáil

Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

- Scéimeanna maoinithe

Scaipeadh dhá cháipéis ar na comhaltaí boird, ceann le moltaí taighde agus ceann le moltaí áiseanna bunscoile. Soiléiríodh gur painéal seachtrach a bhíonn ag déanamh na moltaí. Lorg na comhaltaí boird tuilleadh eolais ar na háiseanna agus ar an taighde molta ó thaobh buiséad lorgtha agus fáthanna diúltaithe. Cuireadh an cinneadh siar go dtí an chéad cruinniú eile

- Áiseanna Teagaisc

Tuairiscíodh go mbeadh 1/3 de leabhar nua-aistrithe á sheoladh do dhaltaí Bl 1 sna hIarbhunsoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge (Eacnamaíocht Bhaile, Stair & Tíreolaíocht)

- An Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Bhí plé ann faoi na scoileanna nár léirigh spéis agus an mbeadh siad ag teacht chun tosaigh

- Ceardlanna NEPS

Tuairiscíodh go raibh ceardlanna NEPS don cur chuige cothromaíochta á rith timpeall na tíre faoi láthair

- Cúrsaí Samhraidh

Tuairiscíodh go mbeidh cúrsaí Samharaidh á eagrú i nGaillimh agus i dTír Chonaill agus go mbeadh lá amháin den chúrsa dírithe ar Shéideán Sí

Tuairisc Airgeadais
Scaipeadh tuairisc airgeadais cuimsitheach ar na comhaltaí. Soileiríodh go bhfuil €41,000 san áireamh sa €250,000 don Chlár Comhtháite Gaeilge Bunscoile. Soiléiríodh go bhfuil airgead do thionscadal Mata CCEA san áireamh faoin mbuiséad áiseanna.

Tuairsic an aChoiste Iniúchóireachta agus Riosca
Tuairsícodh go mbeidh tuairisc bhliantúil á cur ar fáil ag an gcoiste.
Tuairiscíodh go bhfuil iniúchadh inmheánach tosaithe ag Tom Bluett ar an bpróiséas ar fad atá in úsáid ag COGG.
Tuairiscíodh go bhfuil féinmheasúnú ar siúl ag an mBord faoi láthair agus an tábhacht le cinntiú go bhfuil COGG ag feidhmiú i gceart.
Tuairiscíodh go bhfuil clár riosca á chur le chéile agus gur cheart go mbeadh polasaí riosca ann freisin.

Rialachas Corporáideach: Comhlíonadh an Chóid Cleachtais:

- Féinmheasúnú
- Tuairisc Géilliúlachta don Chód Cleachtais

Tuairiscíodh go bhfuil maolú i dtaobh spriocdhátaí á lorg ar roinnt míreanna ar an dtuairisc agus go bhfui an cáipéis réidh le seoladh chuig an Roinn

- Freagrachtaí An Bhoird

Scaipeadh cáipeis 'An Cód Cleachtais don Rialachas Corporáideach ar an Bhord le freagrachtaí an Bhoird léirithe ar lth 2 & 3.

Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí:
Scaipeadh cáipeis i nGaeilge 'GDPR agus Tusa'. Tuairiscíodh go bhfuil an ullmhú tosaithe ag COGG.

Iarratais mhaoinithe
Scaipeadh iarratais ó gretb do Comhdháil ETBI - *Iarbhunoideachas agus Traenáil ar Oileáin scoite amach ón gCósta*. Aontaíodh go dtabharfaí maoiniú de €3,000 dóibh.

Scaipeadh iarratas ar mhaoiniú do CEOL 2018 ó Raidió Rí-Rá. Aontaíodh go dtabharfaí maoiniú de €19,494.67. Déanadh soiléiriú gur 1/3 den chostas iomlán é agus go bhfuilid ag plé le Foras na Gaeilge agus RTÉ freisin

Aon ghnó eile
Chuir Bláthnaid in iúl don Bhord go bhfuil oíche eolais do thuistí ar Tumoideachas agus Oideachas Dátheangach do Pháistí le Riachtanais Speisialta ar siúl i gColáiste na Tríonóide ar an Déardaoin 3 Bealtaine agus gur féidir clárú le Eventbrite.

Dátaí cruinnithe go deireadh na bliana
12 Meitheamh 2018
25 Meán Fómhair (Roghnófar dáta don chruinniú deireanach)
23 Deireadh Fómhair

Dónal Ó hAiniféin

12 Meitheamh 2019

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird
Dé Máirt an 12 Meitheamh 2018
11am Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí:
Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach); Deirbhile Nic Craith; Cathnia Ó Muircheartaigh; Seán Mac Nia; Bláthnaid Ní Ghréacháin; Séamus Ó Fearraigh; Rita Nic Amhlaoibh; Elaine Ní Neachtain; Sinéad Nic Giolla Chainnigh

Leithscéal ó:
Dairíona Nic Con Iomaire; Robbie Cronin; Aodh Mac Craith

Ag freastal
Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach) agus Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

1. **Coimhlint Leasa**
Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

2. Miontuairiscí
Le moladh Shéamuis Uí Fhearraigh agus cuidiú Rita Nic Amhlaidh, glacadh leis na miontuairiscí.

Ag eascairt as na miontuairiscí
Ní raibh aon ní ag eascairt as na miontuairiscí

3. Tuairisc an Chathaoirligh

- Cúrsaí Fostaíochta

Tuairiscíodh gur fógraíodh an post nua mar Oifigeach Oideachas Bunscoile agus go raibh líon sásúil iarratas faighte agus go mbeadh na hagallaimh ann i gceann coicíse.

Tuairsicíodh nach raibh aon scéal oifigiúil faighte ón Roinn Oideachais agus Scileanna faoi chonarthaí na nOifigeach Bunscoile do 20018/19.

Léiríodh míshásamh gur leis an CNCM a bheidh conradh an Oifigigh Bhunscoile nuacheaptha.

Cé gur scríobhadh chuig Ard-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin ngá an tAcht Oideachais a leasú, ní bhfuarthas freagra.

Moladh agus aontaíodh go seolfaí litir eile chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna faoin bhfadhb.

- Buiséad 2019

Agus meastúcháin buiséid 2019 ar siúl, d'fhiafraigh an tAonad Curaclaim, Measúnaithe agus Polasaí de COGG cé mhéad airgid a bheadh ó COGG agus iarradh €1m breise do théacsleabhair nua do shonraíochtaí na Sraithe Sóisearaí agus do shiollabais leasaithe na hArdteiste agus le breis foirne a earcú.

Cur i Láthair

Rinne Pádraig Ó Duibhir agus Laoise Ní Thuairisg cur i láthair don Bhord ar an taighde a d'aontaigh an Bord go ndéanfaí ar fheidhmiú an Pholasaí – *Taighde ar impleachtaí agus ar thorthaí fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas*

Scaipeadh cóip den chur i láthair ar na comhaltaí. Taighde aon uaire a bheidh ann ina ndéanfar measúnú ar phobal na scoile ina iomlán, ar chúlra theanga na ndaltaí, múinteoirí & tuistí agus ina mbeidh an tsamplaíocht idir 250 & 300. Aontaíodh buiséad don taighde thar 5 bliana – 1. €44,406, 2. €26,545 3. €27,000 4. €27,000 5. €47,247.

4. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

- An Clár Comhtháite do scoileanna Béarla

Tuairiscíodh go raibh ceardlann tobsmaointeoireachta lae i Marino ar an 28 Bealtaine agus gur éirigh go réasúnta maith leis. Léirígh an Bord imní i leith an phróisis atá á chur i bhfeidhm maidir le:

- Measúnú na n-iarratas
- Ionchur teanga
- Saibhreas teanga
- Impleachtaí do chomhlachtaí nach roghnaítear

COGG a bheidh ag stiúradh an tionscadail don Roinn Oideachais agus Scileanna. Tuairiscíodh go mbeadh cruinniú ag COGG leis an EPS (atá i mbun cháipéisíocht an phróisis tairisceana).

- An Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Tuairiscíodh go raibh cruinniú an-dearfach sa Roinn Oideachais agus Scileanna ar an 11 Meitheamh agus gur aontaíodh go roinnfí eolas i measc na bpáirtithe leasmhara. Tuairiscíodh go n-eiseofaí Dréacht-Treoir don Tumoideachas i mí Lúnasa. Tá deontas €1200 le híoc leis na scoileanna a léirigh spéis sa Scéim Aitheantais.

Scéimeanna maoinithe (cinntí le déanamh)

Taighde:

Le moladh Chathnia Uí Mhuircheartaigh agus le cuidiú Bhláthnaid Ní Ghréacháin, aontaíodh maoiniú €8826 thar 3 bliana a chur ar fáil do Jacqueline de Brún, OCBÁC, do thaighde faoi mheasúnú na léitheoireachta agus maoiniú €172,700 thar 5 bliana don Ollamh Pádraig Ó Duibhir agus don Dr Laoise Ní Thuairisg do thaighde a d'fhógair COGG ar impleachtaí agus ar fheidhmiú an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta.

Áiseanna Bunscoile:

Ar mholadh Bhord COGG ar an 24 Aibreán 2018 rinneadh athbhreithniú ar na hiarratais mhaoinithe d'áiseanna bunscoile.

Le moladh Shéamuis Uí Fhearraigh agus cuidiú Dheirbhile Nic Craith, aontaíodh maoiniú a chur ar fáil do na háiseanna seo leanas:

Boscadán	€4,500
Reilig Glas Naíon	€900
Dialann Dúradain	€7,000
David Walliams	€8,000
Dirty Bertie	€10,000

Cloch na Gréine	€7,000
Oileán na Rún	€8,000
Glór na nGael Snap Uimhreacha	€1,300
Icí Picí 2	€10,000
The Energy File book for senior primary schools	€7,042
An Mac Tíre, 4,5,6	€8,000
The Primary Planet/Eipic!	€20,000
Matilda	€7,000
How Cú Chulainn got his name/ The Children of Lir	€5,000
Mise Mar Fhoghlaimeoir 5 & 6	€11,337
Seachtain na Gaeilge	€5,000

Áiseanna iar-bhunscoile:
Bhí plé ann faoi na hiarratais mhaoinithe iar-bhunscoile & lorgaíodh eolas breise.

Cinneadh go gcuirfí próiséas níos soiléire i bhfeidhm in 2019 ina mbeidh:

- Soiléireacht ar na tosaíochtaí
- Polasaí maidir le maoiniú a thabhairt d'eagrais a fhaigheann maoiniú ó fhoinsí eile
- Córas meastóireachta leanúnach
- Toradh an phróisis a bheith níos soiléire
- Breis eolais a chur ar fáil don Bhord

Le moladh Dheirbhile Nic Craith agus cuidiú Shinéid Nic Giolla Chainnigh aontaíodh an maoiniú seo a chur ar fáil:

Vifax (OÉ Má Nuad)	€ 7,325
Splanc! (Gael Linn)	€15,000
Áiseanna teagaisc don tSraith Shóisearach	€ 6,000
Comhair Óg	€10,200
Cá bhfuil do thriall?	€ 5,000
An Cú (Leabhar Breac)	€ 8,000
Caladh Dhún Laoghaire	€ 1,500
Tuairisc.ie (Rannóg na bhFoghlaimeoirí)	€20,000
Sraith Póstaer (SEAI)	€ 3,444

- Áiseanna Teagaisc

Tuairiscíodh go bhfuil an obair ag dul ar aghaidh leis na 3 téacsleabhar nua (Stair, Tíreolaíocht agus Eacnamaíocht Bhaile) agus go bhfuil an t-uafás oibre i gceist. Beidh 1/3 de na leabhair á seoladh

chuig na hiar-bhunscoileanna ag tús na scoilbliana. Bhí plé gairid ann i dtaobh na géarchéime maidir le háiseanna nua a chur ar fáil don tSraith Shóisearach agus do shiollabais leasaithe na hArdteistiméireachta.

- An Bille um Iontráil Scoile

Tuairiscíodh gur tarraingíodh siar sa Dáil dhá leasú ar an mBille Oideachais a bhain le polasaithe iontrála do scoileanna lán-Ghaeilge de bharr míshástachta a bhain le cur i bhfeidhm na leasuithe molta. Léirigh COGG tacaíocht do gach scoil lán-Ghaeilge tús áite a thabhairt ina bpolasaithe rollacháin, i gcás ró-éilimh, do theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge mar phríomhtheanga baile acu nó mar cheann de phríomhtheangacha an bhaile.

- Comhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta

Aontaíodh an comhaontú leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus tuairscíodh gur shínigh an Príomhfheidhmeannach é thar ceann COGG.

5. Tuairisc Airgeadais
Scaipeadh tuairisc airgeadais chuimsitheach ar na comhaltaí. Iarradh go léireofaí go bhfuil an €41,000 as an €250,000 don Clár Comhtháite do theagasc na Gaeilge i scoileanna Béarla leithdháilte don EPS ar an tuairisc don chéad cruinniú eile. Moladh soiléiriú a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna an féidir an t-airgead nach gcaitear ar an gclár a chaitheamh ar thionscadail eile.

6. Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
Tuairiscíodh nach raibh aon chruinniú ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca ón gcruinniú boird deiridh agus nach raibh aon ní le tuairisciú.

7. Rialachas Corporáideach: Comhlíonadh an Chóid Chleachtais
Tuairiscíodh go bhfuil obair ag dul ar aghaidh ag réiteach polasaithe maidir le comhlíonadh an Chóid Chleachtais agus go bhfuil an tIniúchóir Inmheánach á scrúdú.

8. Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí
Tuairiscíodh go bhfuil Polasaí um Chosaint Sonraí i bhfeidhm san oifig.

10. Aon ghnó eile
Tuairiscíodh go bhfuil ag éirí go maith le 'Snas agus Blas' i nDún na nGall. Tuairiscíodh go bhfuil an tionscadal Mata ag bogadh ar aghaidh agus gur bhuail baill an choiste ón Deisceart le chéile.

Bhí plé ann i dtaobh an srian atá á chur ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le níos mó ná dhá mhúinteoir déag a bheith ag teagasc i nGaelscoileanna. Tuairiscíodh go bhfuil srian á chur le scoileanna Oideachas le Chéile freisin. Bhí plé ann faoin ngearradh ar mhaoiniú do naíonraí do pháistí a bhfuil uathachas orthu.

Dátaí cruinnithe go deireadh na bliana
An 25 Meán Fómhair
An 23 Deireadh Fómhair

Sínithe:

_____

Dónal Ó hAiniféin

Cathaoirleach

An 25 Meán Fómhair 2018

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird
Dé Máirt an 25 Meán Fómhair 2018
11 r.n. Ionad Oideachais Marino

I láthair bhí:
Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Deirbhile Nic Craith, Cathnia Ó Muircheartaigh, Seán Mac Nia, Bláthnaid Ní Ghréacháin, Rita Nic Amhlaoibh, Elaine Ní Neachtain, Aodh Mac Craith, Daríona Nic Con Iomaire.

Leithscéal ó:
Sinéad Nic Giolla Cionnaigh, Séamus Ó Fearraigh, Robbie Cronin.

Ní raibh aon bhall den fheidhmeannas i láthair (faoi réir an Chóid um Rialachas Corparáideach).

1. Rinne Seán Ó Grádaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, cur i láthair ó ag tús an chruinnithe maidir leis an *Teastas Teagaisc don Earnáil Ghaeloideachais*:

2. Rún Comhbhróin
Rinne an Cathaoirleach comhbhrón ó chroí an Bhoird a chur in iúl do Mhuireann Ní Mhóráin agus a muintir ar fad ar bhás a deirféar Iseult go tobann i mí Lúnasa. Guíodh suaimhneas na síoraíochta ar Iseult.

3. Coimhlint Leasa
Ní raibh aon choimhlint leasa ann

4. Miontuairiscí
Cheistigh Aodh Mac Craith stádas COGG mar fhostóir agus chuir an Cathaoirleach in iúl nach bhfuil freagra air sin go fóill in ainneoin iarrachtaí. Mhol Deirbhile Nic Craith na miontuairiscí agus chuidigh Cathnia Ó Muircheartaigh leo. Glacadh leis na miontuairiscí.

5. Tuairisc an Chathaoirligh
Cúrsa Samhraidh
Bhí 80 ag freastal ar an gcúrsa i Luimneach ag deireadh mhí Lúnasa. D'oscail Dónal Ó hAiniféin an cúrsa ar son COGG. Chuir an Cathaoirleach a bhuíochas in iúl d'Aisling & Phádraig agus do na speisialtóirí a bhí i láthair ar an lá deiridh den chúrsa.

Cúrsaí Fostaíochta
Tuairiscíodh go raibh Robbie Irwin i mbun oibre mar Oifigeach Oideachais Bunscoile le COGG.

Níor éirigh le COGG Oifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh go hinmheánach sa chóras athlonnaithe. Tá cead á lorg anois an post a fhógairt go poiblí.

An Clár Comhtháite do scoileanna Béarla
Máire Nic an Rí, Máire Uí Chonghaile & Marina Ní Threasaigh ag obair ar son COGG leis an ngrúpa atá i gceannas air seo. Imní léirithe maidir leis an scála ama atá leagtha síos ag an Roinn Oideachais don obair.

Imní léirithe maidir le critéir a chomhlíonadh, caighdeánú agus córas íocaíochta deontais do scoileanna. Cinneadh go gcuirfí soiléiriú agus uasdátú ar fáil ag an gcéad chruinniú eile.

B.Oid agus M.Oid lán-Ghaeilge
Moladh Institiúid Oideachais Mharino as seoladh an B.Oid trí Mheán na Gaeilge a thosóidh in 2019.

Beidh seoladh oifigiúil an M.Oid san Oideachas lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar siúl ar an 19 Deireadh Fómhair. Cuireadh tús leis an gcúrsa i mí Mheán Fómhair.

6. Tuairisc Airgeadais
Scaipeadh tuairisc chuimsitheach airgeadais ar na comhaltaí. Déanadh soiléiriú ar an difríocht idir an leagan leictreonach agus an leagan páipéir. €30,000 an figiúr cruinn – tar éis na costais eile a bhaint - atá le dáileadh/le caitheamh idir seo agus deireadh na bliana.

7. Fóram na Gaeilge (COGG/Foras na Gaeilge/ Údarás na Gaeltachta/An Foras Pátrúnachta)
Comhfhreagras faighte ón bhFóram maidir le litir atá le seoladh chuig Ard-Rúnaí na Roinne Caiteachais Phoiblí maidir lena laghad ciorclán atá á chur ar fáil as Gaeilge. Cuireadh ceisteanna maidir le cé hiad na grúpaí a bhfuil ballraíocht acu ar an bhFóram seo - é seo le soiléiriú. Aontaíodh gur cheart do COGG an litir a shíniú.

8. Tuairisc an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca
Tuairiscíodh go bhfuil comhairleoirí ceaptha ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le hIniúchadh Seachtrach a dhéanamh ar conas a dhéanann COGG a cuid oibre agus ar conas a fheidhmíonn an eagraíocht. Is bord rialachais é Bord COGG agus tá freagracht ar an mBord a chinntiú go bhfuil COGG á riar i gceart.

Ba riosca é nach raibh foireann ag COGG chun plé le rialachas idir Lúnasa 2016 agus Eanáir 2018. Tá an t-uafás oibre déanta ó shin. Tuairiscíodh chomh maith go bhfuil fochoiste amháin ag COGG ag plé le cúrsaí riosca agus iniúchóireachta agus go b'fhéidir go mba chóir coiste a bheith ann le plé a dhéanamh ar rialachas chomh maith.

Rinne Tom Bluett ó Bluett Conran iniúchadh inmheánach ar an eagraíocht. Bhí moill ar an tuairisc mar nach raibh éinne san oifig ag an am chun plé leis. Tá tuairisc ar fáil anois don bhliain 2017. Ní raibh ceann ann ó 2014. Go bunúsach, tá a lán rudaí á dhéanamh i gceart agus a lán rudaí idir lámha chun barr feabhais a chur ar nithe. Moladh go ndéanfaí tuairisc a chur ar fáil gach bliain. Is gá cáipéis Bluett a aistriú.

Tá sé i gceist liosta de na polasaithe a chur ar fáil, le dáta a fhaomhadh agus le dáta le hathbhreithniú a dhéanamh orthu bheith nótáilte. Aontaíodh go mba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar gach polasaí uair amháin taobh istigh de thréimhse gach Boird.

Moladh go mbeadh Cúrsaí Rialachais mar mhír bhuan ar chlár cruinnithe an Bhoird feasta.

Moladh freisin go mbeadh próiseas ionduchtaithe do bhaill nua boird ann agus go mbeadh lámhleabhar nó fillteán de na polasaithe reatha ar fad acu.

9. Faomhadh na gCáipéisí Polasaí

- ***Cairt Iniúchta***: molta ag Cathnia Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag Aodh Mac Craith.

- ***Dréachtchlár Riosca:*** molta ag Elaine Ní Neachtain agus cuidithe ag Bláthnaid Ní Ghréacháin.

- ***Cód Cleachtais Boird don Rialachas Corporáideach:*** molta ag Aodh Mac Craith agus cuidithe ag Rita Nic Amhlaigh.

- ***Cód Iompair COGG :*** molta ag Bláthnaid Ní Ghréacháin agus cuidithe ag Elaine Ní Neachtain.

- ***Cairt Chliaint:*** molta ag ag Cathnia Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag an gCathaoirleach.

- ***Cairt Eagraíochta:*** Pléadh an chairt agus léiríodh imní maidir leis an easpa tacaíochta atá ar fáil ag léibhéal bainistíochta na hEagraíochta. Tá an Príomhfheidhmeannach ag feidhmiú aisti féin gan tacaíocht bhainistíochta. Tá gá le struchtúr bainistíochta agus le Leasphríomhfheidhmeannach.

Tá gá ann breathnú air seo go práinneach agus tá sé aitheanta mar riosca san eagraíocht. Moladh go mba cheart luacháil neamhspleách a dhéanamh ar an bpost, comparáid idir é agus post mar é in eagraíochtaí eile.

- ***Beartas Um Chiapadh:*** molta ag Dónal Ó hAiniféin agus cuidithe ag Aodh Mac Craith.

- ***Cleachtas maidir le Soláthar:*** molta ag Bláthnaid Ní Ghréacháin agus cuidithe ag Elaine Ní Neachtain.

- ***Beartas Taistil:*** molta ag Aodh Mac Craith agus cuidithe ag Elaine Ní Neachtain.

- ***Dréachtphlean Straitéise 2018-2020 :*** molta ag Cathnia Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag Elaine Ní Neachtain.

10. Bord COGG 2019-2021

Deireadh ag teacht le tréimhse an bhoird reatha. Tuairiscíodh míshástacht an Bhoird i dtaobh dul chun cinn sásúil a bheith bainte amach maidir leis an struchtúr a bhí molta don eagraíocht acu agus gur gá é a bhaint amach go práinneach.

11. Iarratas Mhaoinithe

Cuireadh iarratas ó Choláiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, faoi bhráid an Bhoird maidir le tacaíocht COGG i dtaobh tháillí na mac léinn atá sa dara bliain den chúrsa M.Oid. a thosaigh siad in 2017. Moladh go dtiocfadh Coláiste Mhuire gan Smál agus COGG ar réiteach lena chéile, go rachfaí chun cainte leis an gColáiste chun na táillí a laghdú agus go gcuirfeadh COGG lena dtacaíocht Pro-Rata.

Cuireadh iarratas d'fhorbairt ábhar Matamaitice ar líne trí Ghaeilge, faoi bhráid an Bhoird ach níor pléadh é de bharr go raibh breis agus €25,000 luaite leis an iarratas.

Aontaíodh gur ghá polasaí a fhorbairt maidir le hiarratais.

12. Cruinniú agus Ócáid cheann cúrsa.
Tuairiscíodh gur dócha go gcuirfí siar cruinniú mhí Dheireadh Fómhair de bharr go mbeadh na hIniúchóirí san oifig ag an am sin.

Moladh dáta eile a shocrú agus ceiliúradh ceann chúrsa ina dhiaidh.

13. Aon Ghnó Eile
Tuairiscíodh go bhfuil fadhb mhór leis na hAonaid lán-Ghaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Tá easpa treorach ar fáil ón Roinn Oideachais agus Scileanna ina dtaobh. Aontaíodh gur gá scríobh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna agus é a ardú leis an Aire Oideachais agus leis an Ard-Rúnaí maidir le polasaí ceart a bheith ar fáil d'fheidhmiú na nAonad agus do dheiseanna Forbartha Aonaid.

Déanfaidh Cathnia Ó Muircheartaigh agus Pádraig Ó Beaglaoich tuilleadh fiosruithe le comhlacht i ndáil le hardán bainistíochta don phleanáil agus tuairisciú ionscoile a sholáthar d'iar-bhunscoileanna a fheidhmíonn trí mheán na Gaeilge. Dhíreodh togra dá leithéid ar shaintéarmaíocht bhainistíochta na Sraithe Sóisearaí ach go háirithe.

Síniú an Chathaoirligh:

_____

Dáta: _____

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

MIONTUAIRISCÍ
Cruinniú Boird

Déardaoin 29 Samhain 2018

2pm Óstán Gresham, Baile Átha Cliath.

I láthair bhí:
Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach); Deirbhile Nic Craith (DNC); Cathnia Ó Muircheartaigh (CÓM); Seán Mac Nia (SMN); Bláthnaid Ní Ghréacháin (BNG); Séamus Ó Fearraigh (SOF); Rita Nic Amhlaoibh (RNA); Elaine Ní Neachtain (ENN); Sinéad Nic Giolla Chainnigh (SNGC), Dairíona Nic Con Iomaire (DNC); Robbie Cronin (RC); Aodh Mac Craith (AMC)

Ag freastal:
Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach) agus Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin)

1. **Coimhlint Leasa:**
Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le haon mhír ar chlár an chruinnithe.

2. Miontuairiscí:
Gabhadh buíochas le Dairíona Nic Con Iomaire as ucht na miontuairscí a scríobh ag an gcruinniú deiridh. Le moladh Chathnia Uí Mhuircheartaigh agus cuidiú Aodh Mhic Craith, glacadh leis na miontuairiscí.

Ag eascairt as na miontuairiscí:
Tuariscíodh go rabhthas i dteagmháil le Coláiste Mhuire gan Smál maidir leis an maoiniú agus go bhfuiltear ag fanacht ar fhreagra ar ais.

3. Tuairisc an Chathaoirligh:

- Cruinniú Rialachais

Tuairiscíodh go raibh cruinniú rialachais ag an gCathaoirleach agus ag an bPríomhfheidhmeannach le hoifigigh na ROS ar an gCéadaoin 14 Samhain. Léiríodh spéis sa tuairisc ar éifeachtacht an iniúchta inmheánaí ó BDO agus tuairiscíodh go mbeadh an leagan deiridh i nGaeilge.

Iarradh milliún euro breise i mbuiséad 2019 ach ní raibh aon chinnteacht ann go bhfaighfí é agus go bhfeadfaí gan scéala a fháil go dtí Feabhra nó Marta.

Phléigh an Bord deacrachtaí a bhaineann le cumarsáid as Gaeilge leis an ROS i nGaeilge.

Tréaslaíodh le hoifigigh COGG atá ag giolcaireacht ar twitter as ucht an 10ú áit a bhaint amach as 330 comhlachtaí stáit i dtuairisc ar Staid Reatha na Meán Shóisialta san Earnáil Phoiblí a foilsíodh i Mí na Samhna

- Faomhadh polasaithe

Le moladh BNG agus cuidiú ENN faomhadh an Polasaí Íocaíochta
Le moladh SÓF agus SNGC faomhadh an Polasaí Úsáide Chártaí Creidmheasa ach an focal 'Visa' a bhaint
Le moladh agus faomhadh CÓM agus cuidiú DNC faomhadh an Polasaí Úsáide Twitter ach *ceist na teanga* agus freagraí ar tuíteanna a shoiléiriú

4. Tuairisc an Phríomhfheidhmeannaigh

- An Polasaí don Oideachas Gaeltachta

Aontaíodh gur gá cás gnó eile a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais agus Scileanna go práinneach maidir le síneadh chonartha an oifigigh oideachais bunscoile. Moladh cruinniú leis an Aire a lorg & thairg SÓF é sin a chumasú.

- Cúrsaí Foirne

Tuairiscíodh go raibh agallaimh ann don phost mar Oifigeach Feidhmiúcháin, gur cháiligh triúr agus gur tairgíodh an post do dhuine díobh.

Aontaíodh go raibh gá staid reatha COGG mar fhostóir (nach ceadmhach do COGG daoine a fhostú) a leasú agus is le reachtaíocht amháin is féidir seo a dhéanamh.

- Gaeilge T1 na Sraithe Sóisearaí

Tuairiscíodh go bhfuil an leabhar do Bhliain 2 clóite agus curtha chuig na scoileanna agus go bhfuil obair á déanamh ar ábhar na triú bliana. Tuairiscíodh go bhfuil an comhlacht *Aistear* i mbun na hoibre agus go mbeidh an dhá leabhar ar fáil le ceannach roimh an samhradh – leabhar don chéad bhliain agus leabhar eile don dara agus tríú bliain le chéile. Tuairiscíodh go ndearna an Oifigeach Oideachais Bunscoile suirbhé a dhearadh chun aiseolas a fháil ar na téaclsleabhair (1&2).

Fiafraíodh an mbeidh lámhleabhar an mhúinteora do 'I nGrá Dé' á chur ar fáil i nGaeilge. Dúradh nach acmhainn do COGG sin a dhéanamh. Moladh go bpléifeadh na scoileanna é seo leis na comhairleoirí deoiseacha.

Pléadh an clár comhtháite do theagasc na Gaeilge i mbunscoileanna Béarla. Tuairiscíodh go raibh cruinniú ag COGG leis an EPS (atá i mbun cháipéisíocht an phróisis tairisceana) agus go rabhadar sásta leis an gcáipéis a chuir COGG ar fáil dóibh.

7. Tuairisc na CNCM

Tuairiscíodh go bhfuil athbhreithniú á thosú ar Ghaeilge na hArdteiste agus go bhfuil meitheal nua le teacht le chéile an tseachtain seo chugainn don tSraith Shinsearach T1 & T2. Tá comhairliúchán ar bun ag an CNCM – athbhreithniú bunaithe ar shampla ionadaíoch scoileanna – samplaí de shuirbhéanna/ceistneoirí ar shuíomh na CNCM. Beidh comhairliúchán poiblí ag tosú i 2019.

Tuairiscíodh go mbeadh tuairisc eatramhach an ESRI ar fáil go luath. Tuairisicíodh go bhfuil athbhreithniú ar siúl ar ábhair eile chomh maith leis an nGaeilge.

Bhí plé ann faoin gcinneadh sonrúchán ar leith do Ghaeilge T1 san Ardteist a chur i bhfeidhm agus léiríodh imní nach nglacfadh scoileanna T1 leis seo mura mbeadh buntáiste ann (pointí breise) . Moladh go gcuirfeadh COGG é seo in iúl don Roinn Oideachais agus Scileanna.

Pléadh an dréachtimlitir a d'eisigh an ROS mar chuid de phróiseas comhairliúcháin maidir leis an diolúine ó fhoghlaim na Gaeilge. Léiríodh imní faoin spriocdháta agus moladh síneadh ama a lorg le go bhféadfaí aighneacht a réiteach.

5. Tuairisc Airgeadais:

Scaipeadh tuairisc airgeadais ar na comhaltaí. Níor ardaíodh aon cheisteanna fúithi

6. Tuairsic an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (CIR):
Scaipeadh tuairsc na nIniúchóirí BDO 'Athbhreithniú ar Éifeachtacht Fheidhme an Iniúchta Inmheánaí' ar na comhaltaí. Léiríodh sástacht nach bhfuil aon mhór-locht ar obair COGG agus go bhfuil deis ag COGG aischothú a thabhairt.

Moladh na freagraí thíos ar na Torthaí Mionsonraithe

- Neamhspleáchas an Iniúchóra Sheachtraigh

Glacann COGG leis an moladh seo agus déanfar gach iarracht comhlacht cuntasaíochta a cheapadh le dul i mbun cuntais 2018. Mura dtarlaíonn sé sin, ceal ama, ceapfar iniúchóir trí phróiseas tairisceana i 2019.

- Clúdach Iniúchta Inmheánaigh teoranta agus easpa Plean Iniúchta Inmheánaigh

Glacann COGG leis seo agus nuair a cheapfar iniúchóirí iarrfar orthu plean a dhréachtadh agus mar chuid den phlean sin déanfar iniúchadh airgeadais agus iniúchadh téamach go bliantúil

- Riosca Sainpleáchais do Phearsanra

Glacann COGG leis seo agus moltar go n-iarrfadh an bord ar an ROS breathnú ar struchtúr COGG os rud é go mbaineann feidhmiú an mholadh seo leis an ROS.

Tuairiscíodh gur comhlíonadh a lán míreanna den Chód Cleachtais ó thús na bliana, a bhuíochas leis an bhfeidhmeannas.

Moladh obair an Choiste Iniúchta agus Riosca agus gabhadh buíochas le Cathaoirleach an Choiste as an sár-obair a rinne sé.

8. Ullmhú don Bhreatimeacht:
Tuairiscíodh go bhfuil ar an Ard-Rúnaí tuairisciú a dhéanamh ar ullmhúcháin na ROS don Bhreatimeacht agus go bhfuil an Príomfheidhmeannach le freastal ar chruinniú le lucht ard-bhainistíochta na Roinne.

Tuairiscíodh go bhfuil plé ag COGG le roinnt comhlachtaí/eagraíochtaí ó Thuaidh, CCEA & an tÁisaonad ina measc. Ní fios cén tionchar a bheidh ag an mBreatimeacht ar an gcaidreamh seo agus ní fheictear go bhfuil aon ullmhúchán ar féidir a dhéanamh.

9. Scéimeanna maoinithe 2019:
Athbhreithniú ar an gcur chuige

Aontaíodh gur ghá leasuithe a dhéanamh ar chóras na scéimeanna maoinithe sula bhfógraítear iad.

10. Aon ghnó eile:
Tuairiscíodh go bhfuil dul chun cinn déanta leis an áis mata (IMIMaths) ag CCEA.

11. Clabhsúr:
Ghabh an Cathaoirleach buíochas ó chroí leis an mBord as an gcomhoibriú agus as an dea-obair a rinneadh ó 2015 agus ghuigh sé gach rath orthu. Ghabh sé buíochas ó chroí freisin leis an bPríomhfheidhmeannach as a cuid sár-oibre mar cheannaire (a mhéadaigh go mór thar na blianta) agus as a cuid díograis don eagraíocht.

Tréaslaíodh leis an gCathaoirleach as an sár-obair a rinné sé féin thar na blianta agus an dul chun cinn breise a déanadh ó thaobh earcaíocht foirne de, ach go háirithe.

Sínithe: _____ Dónal Ó hAinifén, Cathaoirleach. 11 Aibreán 2019